Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2021
(OR. en)

9654/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0142(NLE)**

TRANS 384
MAR 97
ENV 413

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 9653/21 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiúin maidir le bailiú, le taisceadh agus le glacadh dramhaíl a tháirgtear le linn loingseoireachta ar an Réin agus ar uiscebhealaí intíre eile (CDNI) a mhéid a bhaineann le glacadh an rúin arb é is aidhm dó an cosc ar sceitheadh fuíolluisce tí a leathnú chun soithí uiscebhealaí intíre a iompraíonn idir 12 agus 50 paisinéir a chumhdach<br>– Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 11 Meitheamh 2021, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Baineann an togra le seasamh an Aontais a bhunú do Chomhdháil na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiúin maidir le bailiú, le taisceadh agus le glacadh dramhaíl a tháirgtear le linn loingseoireachta ar an Réin agus ar uiscebhealaí intíre eile (‘CDNI’).

3. Le linn an chruinnithe a bheidh ag Comhdháil na bPáirtithe Conarthacha an 22 Meitheamh, meastar go nglacfaidh sí rún arb é is aidhm dó an cosc ar sceitheadh fuíolluisce tí a leathnú chun soithí uiscebhealaí intíre a iompraíonn idir 12 agus 50 paisinéir a chumhdach ar mhaithe le cosaint níos fearr comhshaoil.

4. Le forálacha an rúin, d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a bheith aige ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

5. Tá cúig Bhallstát de chuid an Aontais (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Lucsamburg agus an Ísiltír) agus an Eilvéis ina bpáirtithe sa CDNI. Níl an tAontas ina pháirtí conarthach den CDNI.

## II. OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

6. Scrúdaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra an 7 Meitheamh 2021, bunaithe ar réamhchóip neamhfhoirmiúil den togra ón gCoimisiún. I ndiaidh an chruinnithe sin, bhí deis ag na toscaireachtaí barúlacha a thabhairt maidir leis an togra. Níor chuir aon toscaireacht i gcoinne an togra.

7. Ag eascairt as an gcomhaontú ar thángthas air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréacht-Chinnidh ón gComhairle.

## III. CONCLÚIDÍ

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 9655/21 é, a d'ullmhaigh na seirbhísí dlítheangeolaíocha, a scrúdú agus a fhormhuiniú agus é a tharchur chuig an gComhairle lena ghlacadh.

9. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

---

[1] Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n- aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).